

OLLSCOIL na hÉIREANN, GAILLIMH
DÁMHA na nDÁN agus an LÉINN CHEILTIGH

Scrúduithe an tSamhraidh, 2001
An Dara Bliain, Léann Ceilteach

Sean-Ghaeilge SG 265 [ECTS 5]
Filíocht Mheánaoiseach na Gaeilge

Séamus Mac Mathúna
Máirín Ní Dhonnchadha

Dhá uair an chloig a cheadófar – Ní mór an dá cheist a fhreagairt.

1.

Aistrigh aon ocht (8) gceathrú/véarsa is maith leat díobh seo a leanas go Nua-Ghaeilge nó go Béarla:

a.

Dom-fharcai fidbaide fál,
fom-chain loíd luin, lúad nád céil;
húas mo lebrán, ind línech,
fom-chain trírech inna n-én.

b.

A ben, bennacht fort – ná ráid!
Imráidem dáil mbrátha búain.
A-tá irchra for cach ndúil:
ad-águr dul i n-úir n-úair.

c.

Im-ráidi baís cen bríg mbaí:
is súaichnid ní gaís fris-ngní.
A n-as-bir-siu bid rád fás:
bid nessa ar mbás 'siú 'ma-rrí.

d.

Atá úarboth dam i caill;
nís-fitir acht mo Fhiada:
uinnius di-shíu, coll an-all,
bile rátha, nosn-iada.

e.

Cen áinius
in gním í do-rigénus:
an ro carus ro cráidius.

f.

Ba mire
ná dernad a airer-som,
mainbad omun Ríg Nime.

g.

Níbu amlos
dosom in dál dúthracar:
asnam sech phéin i Pardos.

h.

It é saigte gona súain,
cech thrátha i n-aidchi adúair,
serccoí, lia gnása, iar ndé,
fir a tóeb thíre Roigne.

i.

Rográd fir ala thíre
ro-shíacht sech a chomdine
ruc mo lí (ní lór do dath);
ním-léici do thindabrad.

j.

Binniu laidib a labrad
acht Ríg nime nóebadrad:
án bréo cen bréthir mbraise,
céle tana tóebthaise.

k.

Apair damsa re Der Fáil,
tacair re hingin Taidc thúaid,
ná déanad díthre di féin
ní lé féin in fríthe fuair.

l.

Ná ferad debaid re Día,
re Ríg belaig bethad cé;
adrad dont shlicht fora-tú,
ná labrad don nech nár lé.

2.

Scríobh nótaí gramadaí ar aon ocht (8) bhfoirm/bhfrása is maith leat díobh sin a bhfuil líne futhu i gCeist 1 thuas.